

PATSACH MÓR MAC DONNCHADHA

Bhí mo shean-athair, Patsach Mór Mac Donnchadha, a' foghlaim ó Bhrian Ó Laidhe agus ó Sheán na Sgoile. Bhí sé indon Gaedhilge a léigheadh agus a sgríobh, fuair sé ocht mbliana agus ceithre fichid de shaoghal. Bhí sé sé troighthe agus dhá ordhlach ina bhonnaidheacha. Máthair de Chorbad a bhí aige. B'as lorrus Mór í. Nior buaileadh buille ariamh air agus ní raibh sé i dteach cúirte ariamh. San Aird Thiar a bhí sé agus ba é an tslighe mhaireachtála a bhí acab san am sin chomh luath agus bhi an cur déanta acab dhul amach ag iasgach le na ndorugha, a' marbhú crúdán.

B'fhéidir go marbhóidís dhá chéad an lá sin. Thagaidís isteach go hOileán Dá Bhruithneog in Arainn nuair a thagadh an oíche orthab. Ní bhíodh de dheis acab ach seol báid ag déanamh fasgaidh dóibh os a gcionn, pota mine buidhe a chur síos agus a gcuid éisg. An chéad oidhche eile an cleas céadhna a dhéanamh, agus rith go Gaillimh an tríomhadh lá lena gcuid éisg. Dhíolaidís an t-iasg i nGaillimh. B'fhéidir go bhfuighidís deich sgilling an céad ar an iasg, agus b'fhéidir go ndíolfaidís ar choróin é. Bhí na hiasgairí ón Aird ag iasgach siar ó Arainnn oidhche dhubh. Tháinig an uair thar cionn le stoirm ar a gceard ó thuaidh. B'éigin dóibh a n-aghaidh a thabhairt amach ar an bhfairrge, ar thalamh Chiarraighe, más fada gearr a ghabhfaidís.

Thainig cheithre báid aca i dtír go Malbay agus cailleadh cheithre bhád. Bhí bád mór ag Patsach Mór agus tháinig sé slán go hArainn, é féin agus athair mór Eamoinn Mhic Con Rí atá sa Mór.

Bhí iasgaire as Inis Ní leob agus drochbhád aige. Bhí si seo a' seoladh taobh le bád Phatsaigh Mhóir nuair a bhí an stoirm ann. "Is fearr dom thú a thógáil" adeir Patsach, "ní mhairfidh do bhád aon achar". "Ní ghahfaidh" adeir fear Inis Ní. "An áit a gcaillfear mo bhád, caillfear me féin. Bhi fear foirniche sa mbád ag fear Inis Ní. Dubhairt sé go ngabhfadh sé féin ar bord níos túisge na caillfidhe é. Chrom sé síos go bhfuigheadh sé a dhorugha. Ní raibh an dorugha réidhtithe aige nuair a bhí an bád gaibhte síos agus iad beirt báidhte. Ní raibh sé sásta imtheacht go nglionndáileadh sé a dhorugha. Bhi cuimhne ag Patsach Mór ar an méid sin.

Bád chúig thonna a bhí aige. Mara dtigeadh an lá thar cionn ar fad, bhí sí indon tigheacht chun caltha. An báidín beag nach raibh innte ach dhá thonna nó trí thonna bhí si le bheith cailte lá dona.

Ag iasgach le dorugha a bhí siad ag tógáil na gcrúdán. Is amhlaidh is mó a bheadh na crúdáin do réir mar tharraingidís amach ar an domhain. Is isteach ó Charraig a'Mhíle a bhídís

ag iasgach sgadán. Chuiridís cor seasta ar an eangach san oidhche agus thigidís féin abhaile.
Bhídís le tógáil lá ar n-a bhárach.